Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2026
(OR. en)

5824/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0244(NLE)

LIMITE

COPEN 26
DROIPEN 13
JAI 121
ENV 72
RELEX 116
COSCE 4

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú foilsithe in IO L …

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/2493 ón gComhairle[2], síníodh Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (‘an Coinbhinsiún’) an 3 Nollaig 2025, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Tá an Coinbhinsiún i gcomhréir le cuspóirí an Aontais ardleibhéal cosanta don chomhshaol a áirithiú agus cáilíocht an chomhshaoil a fheabhsú, mar a leagtar amach in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus maidir le coireanna comhshaoil a chomhrac, lena n-áirítear trí bhíthin an dlí choiriúil. Ina theannta sin, tá sé d’aidhm freisin ag gníomhaíocht an Aontais sa chomhrac i gcoinne na coireachta comhshaoil cearta bunúsacha na ndaoine a ndéanann coireanna den sórt sin difear dóibh a chosaint.

(3) Leagtar síos leis an gCoinbhinsiún forálacha maidir lena chuspóir agus raon feidhme, sainmhínithe dlíthiúla agus téarmaíocht, cionta coiriúla, dliteanas daoine dlítheanacha, smachtbhannaí agus bearta eile, imthosca géaraitheacha agus maolaitheacha, cearta nós imeachta agus comhar, bearta coisctheacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta maidir le coireacht chomhshaoil.

(4) An 11 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar bhonn Airteagal 83(2) CFAE, Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], atá ailínithe go mór leis an gCoinbhinsiún.

---

[2] Cinneadh (AE) 2025/2493 ón gComhairle an 1 Nollaig 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (IO L, 2025/2493, 5.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2493/oj).

[3] Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE (IO L, 2024/1203, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1203/oj).



PUBLIC

(5) Ghlac an Coimisiún páirt sa chaibidlíocht thar ceann an Aontais, agus d'áirithigh sé go bhfuil an Coinbhinsiún comhoiriúnach le rialacha ábhartha an Aontais.

(6) Ba cheart an tAontas a bheith ina Pháirtí sa Choinbhinsiún in éineacht lena Bhallstáit, ós rud é go bhfuil inniúlacht ag an Aontas agus ag na Ballstáit sna réimsí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún. Ba cheart an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais a mhéid a d'fhéadfadh an Coinbhinsiún difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú.

(7) I réimse na n-inniúlachtaí comhroinnte, coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéanann an Coinbhinsiún difear do rialacha comhchoiteanna ná nach n-athraíonn sé a raon feidhme. Tá tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin ag an Aontas gan dochar d'inniúlacht na mBallstát maidir leis an gCoinbhinsiún a dhaingniú, a fhormheas nó a ghlacadh i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

(8) Chun comhoiriúnacht iomlán a áirithiú idir an Coinbhinsiún agus Treoir (AE) 2024/1203, chomh maith le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach éifeachtach an Choinbhinsiúin, ba cheart don Aontas, go háirithe, leas a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 56(3) den Choinbhinsiún raon feidhme an téarma 'neamhdhleathach' agus coincheapa áirithe a úsáidtear chun cionta coiriúla a shainiú faoin gCoinbhinsiún a shonrú trí bhíthin forchoimeádais. Tá forchoimeádas maidir leis sin i gceangal leis an gCinneadh seo. Tá an forchoimeádas sin gan dochar d'aon fhorchoimeádas eile nó dearbhú eile is mian leis na Ballstáit a dhéanamh ina n-aonar, i gcás inar incheadaithe. Nuair a bheidh breithniú á dhéanamh ag na Ballstáit ar aon fhorchoimeádais nó dearbhuithe a dhéanamh ina n-aonar, ba cheart dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas roimh ré.

(9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus thug an Maoirseoir a thuairim 25/2025 an 22 Meán Fómhair 2025.

(12) Ba cheart an Coinbhinsiún a fhormheas agus an forchoimeádas atá i gceangal leis an gCinneadh seo a dhéanamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[4] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, formheastar Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil[5+].

*Airteagal 2*

Leis seo, formheastar an forchoimeádas atá i gceangal leis an gCinneadh seo[6++].

*Airteagal 3*

Nuair a bheidh breithniú á dhéanamh ag na Ballstáit ar aon fhorchoimeádais nó dearbhuithe a dhéanamh ina n-aonar, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas roimh ré.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

**5** Foilsítear téacs an Choinbhinsiúin in IO L, …, ELI …
\+ Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 15396/25.
**6** Foilsítear an forchoimeádas in IO L, …, ELI …
++ Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 15396/25 ADD1.



PUBLIC